

Gníomhaíochtaí Labhartha

Cén post?



altra



freastalaí



rúnaí



meicneoir




tiománaí



garda



dochtúir






tógálaí



múinteoir




Cén post? ar lean



Poist



Ionad oibre



Fostaíocht

- Níl post agam.
- Tá mé **dífhostaithe.**

- Is múinteoir mé.
- Tá mé **fostaithe** i mbunscoil.

- Is mise Oprah.
- Tá mé **féinfhostaithe.**

Fostaíocht ar lean

- Níl post agam.
- ?

- Is múinteoir mé.
- ?

- Is mise Oprah.
- ?

An maith leat do phost?

- Is maith/Ní maith.
- Is breá liom é.
- Is fuath liom é.
- Níl suim dá laghad agam ann.
- Tá sé ceart go leor.
- Is maith liom é go mór.
- Ní maith liom é in aon chor.

Briathra

- Oibrím
- Tosaím
- Críochnaím

Lánaimseartha nó páirtaimseartha?

- Oibrím óna naoi a chlog gach maidin go dtí a cúig gach tráthnóna, cúig lá sa tseachtain.
- **Tá post lánaimseartha agam.**
- Oibrím óna naoi a chlog gach maidin go dtí a haon a chlog meán lae, dhá lá sa tseachtain.
- **Tá post páirtaimseartha agam.**

Buan nó sealadach?

- Tá post agam ar feadh sé seachtaine mar tá duine tinn san oifig.
- **Is post sealadach é.**
- Tá post agam le fiche bliain anuas.
- **Is post buan é.**

Cén t-am é?



Cad iad na huaireanta a oibríonn tú?

• Oibrím ó _____
go dtí a _____ .

• 7.00

• 7.30

• 7.45

• 9.00

• 3.15

• 5.30

**An bhfuil an pá/an
tuarastal go maith?**


–Tá. Tá sé an-mhaith.



**–Tá sé measartha
/réasúnta maith.**



**–Níl. Tá an pá go
dona.**



Ceisteanna

- Cá bhfuil tú (féin) ag obair?
- Cén t-am a thosaíonn tú (féin) ag obair?
- Cén t-am a chríochnaíonn tú (féin)?
- An gcaitheann tú (féin) éide?
- An maith leat (leatsa/leat féin) do phost?
- An bhfuil post buan nó post sealadach agat (agatsa/agat féin)?
- An bhfuil an tuarastal/an pá go maith?
- Cén post atá agat? (agatsa/agat féin?)